**CINNEADH (AE) 2022/2522 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 13 Nollaig 2022**

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2021/2255 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2022 (BCE/2021/54)*(BCE/2022/45)***

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 128(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2332 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2015 maidir leis an gcreat nós imeachta d'fhormheas líon eisiúintí bonn euro (BCE/2015/43) ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(7) de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá an ceart eisiach ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ón 1 Eanáir 1999 líon na mbonn a eisíonn na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu a fhormheas.

(2) Bunaithe ar na meastacháin ar an éileamh ar bhoinn euro in 2021 a chuir na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu faoi bhráid BCE, d'fhormheas BCE an líon iomlán bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht agus monaí euro inbhailithe nach bhfuil ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht in 2022 i gCinneadh (AE) 2021/2255 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/54) ([2]).

(3) De bhun Airteagail 3 de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu fógra a thabhairt do BCE más dócha go sáróidh an t-éileamh iarbhír ar mhonaí euro an líon formheasta d'eisiúint bonn i mbliain féilire amháin agus, i gcás ina leantar de na héilimh mhéadaithe ar mhonaí, ní mór dóibh formheas ad hoc a iarraidh le haghaidh líon breise d'eisiúint bonn sa bhliain féilire sin.

(4) An 21 Samhain 2022, fuair BCE iarraidh ó Banque de France thar ceann na Fraince chun líon na monaí euro a fhéadfaidh an Fhrainc a eisiúint in 2022 a mhéadú de mhéid breise EUR 50,0 million, ó EUR 249,0 million go EUR 299,0 million. Rinneadh an t-iarratas mar fhreagairt ar mhéadú suntasach ar eisiúint ghlan monaí euro sa Fhrainc, a dtiocfaidh deireadh leis i mí na Nollag 2022 de réir gach cosúlachta. Tá an méadú sin bunaithe go háirithe ar oll-eisiúint níos airde bonn 1-euro, 2-euro agus 50 cent in éineacht le leibhéal níos ísle de thaiscí bonn euro. Tá méadú tagtha ar an éileamh ar mhonaí euro mar thoradh ar an méadú atá ag teacht ar phraghsanna i gcomhar le miondíoltóirí, rud a fhágann go bhfuil méadú ag teacht ar an éileamh ar mhonaí euro.

(5) De bhun Airteagal 3(7) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór don Bhord Feidhmiúcháin cinneadh aonair a ghlacadh maidir leis an iarraidh ar fhormheas ad hoc, nuair nach gá aon mhodhnú ar an iarraidh ad hoc.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2021/2255 (BCE/2021/54) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CHINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú**

Leasaítear Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2021/2255 (BCE/2021/54) mar a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir leis an hFrainc:

| | | | |
|---|---|---|---|
| "An Fhrainc | 249,00 | 50,00 | 299,00". |

([1]) IO L 328, 12.12.2015, lch. 123.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/2255 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Nollaig 2021 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2022 (BCE/2021/54) (IO L 454, 17.12.2021, lch. 19).

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a thabharfar fógra do na seolaithe.

*Airteagal 3*

**Seolaithe**

Dírítear an Cinneadh seo ar na Ballstáit arb é an euro an t-airgeadra atá acu.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 13 Nollaig 2022.

*Uachtarán BCE*
Christine LAGARDE